Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scéim nua – an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann sibh iad?

1. An tAire Leanaí & Gnóthaí Óige _____
2. ceart reachtúil _____
3. liúntas _____
4. ollmhór _____
5. feasta _____
6. Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí _____
7. beart a dhéanamh de réir a mbriathair _____
8. olltáirgeacht intíre (OTI) _____
9. uilíoch _____
10. nasctha le hioncam _____



Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideoidh sé sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad atá i gceist leis an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí?

2. Cad iad na tuairimí a bhí ag na mná i Leabharlann Bhaile Bhailcín?

3. Cad a bheidh tuismitheoirí in ann a dhéanamh ar an suíomh idirlín amach anseo?

4. Cad a deir Luath-Óige Éireann faoin nuacht?

5. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo: 0.002%, 0.008% agus 0.019%?

Ceist 3 Anois, féach ar an mír arís agus scríobh cuntas gearr faoi ábhar na míre. Cuir do chuntas i gcomparáid leis an gceann a scríobh an duine in aice leat.

Ceist 4 '…beirt…'

a. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?

b. Scríobh amach na foirmeacha cearta chun daoine a chomhaireamh ó 1-10.

duine amháin

_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____

c. Cuirtear na hainmfhocail a leanann na focail faoi **b** thuas sa tuiseal ginideach iolra de ghnáth. Séimhítear na consain a leanann ***beirt*** ach amháin na hainmfhocail dar tús **d**, **s**, agus **t**.

Cuir na focail thíos tar éis na bhfocal faoi **b** thuas.

deartháir / iníon / fear / dochtúir

Ceist 5 '…na gealltanais atá déanta acu **a chomhlíonadh**…'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail atá i gcló trom thuas?

Cuir an fhoirm cheart de na briathra atá idir lúibíní sna spásanna thíos.

1. Caithfidh mé mála scoile nua a (ceannaigh) _____.
2. Beidh air an gluaisteán a (glan) _____ arís.
3. Is mór an trua nach mbeidh mé in ann dul amárach ach tá an oiread oibre le (déan) _____ agam.
4. Ar mhiste leat é sin a (abair) _____ arís, le do thoil?
5. Ní féidir linn an teach a (díol) _____ de bharr na géarchéime eacnamaíochta.
6. Níl cead tobac a (caith) _____.
7. Ba bhreá leis amhrán a (can) _____ ag deireadh na hoíche.
8. An féidir leatsa an múinteoir a (clois) _____?

Ceist 6 Pléigh an cheist seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

Conas a chuireann na costais mhóra a bhaineann le cúram leanaí isteach ar theaghlaigh?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. An tAire Leanaí & Gnóthaí Óige	*Minister for Children & Youth Affairs*
2. ceart reachtúil	*statutory right*
3. liúntas	*allowance*
4. ollmhór	*huge*
5. feasta	*from now on, for the future*
6. Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí	*Personal Public Service Number*
7. beart a dhéanamh de réir a mbriathair	*be true to their words*
8. olltáirgeacht intíre (OTI)	*gross domestic product (GDP)*
9. uilíoch	*universal*
10. nasctha le hioncam	*income related*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Iarr ar gach foghlaimeoir cuntas gearr a scríobh bunaithe ar an mír. Iarr orthu ansin an méid a scríobh siad a rá os ard don duine in aice leo.

Ceist 4

a. Na huimhreacha pearsanta.

b.
duine amháin
beirt
triúr
ceathrar
cúigear
seisear
seachtar
ochtar
naonúr
deichniúr

c.

dearthár amháin beirt deartháireacha triúr deartháireacha ceathrar deartháireacha cúigear deartháireacha seisear deartháireacha seachtar deartháireacha ochtar deartháireacha naonúr deartháireacha deichniúr deartháireacha	iníon amháin beirt iníonacha triúr iníonacha ceathrar iníonacha cúigear iníonacha seisear iníonacha seachtar iníonacha ochtar iníonacha naonúr iníonacha deichniúr iníonacha
fear amháin beirt fhear triúr fear ceathrar fear cúigear fear seisear fear seachtar fear ochtar fear naonúr fear deichniúr fear	dochtúir amháin beirt dochtúirí triúr dochtúirí ceathrar dochtúirí cúigear dochtúirí seisear dochtúirí seachtar dochtúirí ochtar dochtúirí naonúr dochtúirí deichniúr dochtúirí

Ceist 5
An t-ainm briathartha

1. Caithfidh mé mála scoile nua a **cheannach**.
2. Beidh air an gluaisteán a **ghlanadh** arís.
3. Is mór an trua nach mbeidh mé in ann dul amárach ach tá an oiread oibre le **déanamh** agam.
4. Ar mhiste leat é sin a **rá** arís, le do thoil?
5. Ní féidir linn an teach a **dhíol** de bharr na géarchéime eacnamaíochta.
6. Níl cead tobac a **dhíol**.
7. Ba bhreá leis amhrán a **chanadh** ag deireadh na hoíche.
8. An féidir leatsa an múinteoir a **chloisteáil**?

Ceist 6
Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na ceiste seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eimear Ní Chonaola
Sheol an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí, inniu. Faoin scéim beidh sé de cheart reachtúil feasta ag gach uile thuismitheoir liúntas a fháil chun íoc as cúram leanaí.

Caoimhe NÍ Laighin
Leabharlann Bhaile Bhailcín inniu. Tá tuairimí láidre ag na mná anseo faoi chúram leanaí sa tír seo.

Blaise Nic an Phiarsaigh
I mo chás tá an costas...tá costas ollmhór air. Agus, faoi láthair, tá sé ag cur bac orm chun dul thar n-ais chuig m'obair, mar gheall ar an gcostas, *so*, tá beirt agam anois….

Caroline Breslin
Tá imní mhór orm faoi chostas an crèche. Ba mhaith liom dul go dtí an obair san fhómhar ach tá beirt pháistí againn. Tá sé an-chostasach.

Marilyn Mc Givern
I ndáiríre, tá mise sa bhaile ag an bheirt chailíní atá agamsa. Ach, tá sé deacair, sin an fhadhb a bhí agamsa. Bhí sé róchostasach domsa chun iad a fhágáil.

Caoimhe Ní Laighin
Sheol an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí, inniu. Faoin scéim seo beidh sé mar cheart reachtúil feasta ag tuismitheoirí liúntas cúram leanaí a fháil.

Tá suíomh idirlín socraithe faoin scéim agus glacfar le hiarratais ó mhí Dheireadh Fómhair. Beidh tuismitheoirí in ann a n-uimhir PSP (Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí) a uaslódáil chun méid an airgid atá ag dul dóibh a fháil amach.

Deir an eagraíocht Luath-Óige Éireann, nach scéim nua í seo i ndáiríre, ach leagan níos buaine de scéim a bhí ann ó 2017. Cuireann siad fáilte roimh fhógra an lae inniu ach deir siad go gcaithfidh an Rialtas beart a dhéanamh de réir a mbriathair anois agus na gealltanais atá déanta acu a chomhlíonadh. Mar, faoi mar a sheasann cúrsaí faoi láthair, a deir siad, tá an tír seo ar chúl ar fad ó thaobh infheistíocht stáit i gcúram leanaí.

In Éirinn, ní infheistíonn an Stát ach 0.002% d'olltáirgeacht intíre i gcúram leanaí. Ba chóir 0.008% a chaitheamh, dar le UNICEF[1]. Agus 0.019% a chaitheann an tSualainn.

Beidh liúntais uilíocha le bheith ar fáil do gach duine faoin scéim agus liúntais atá nasctha le hioncam.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht Tg4 i mBaile Átha Cliath.

[1] Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí